Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Lúnasa 2023**
**(OR. en)**

**12392/23**

**AGRI 470**
**AGRIFIN 100**
**AGRIORG 97**
**AGRILEG 163**
**DELACT 113**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 5508 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 17.8.2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh uibheacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 5508 final.

Faoi iamh: C(2023) 5508 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.8.2023
C(2023) 5508 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.8.2023**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh uibheacha**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Chun ionchas na dtomhaltóirí a chur san áireamh agus chun na dálaí eacnamaíocha do tháirgeadh agus do mhargú táirgí thalmhaíochta a fheabhsú chomh maith le cáilíocht táirgí talmhaíochta, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos caighdeáin mhargaíochta de réir earnálacha nó táirgí, ag gach céim sa mhargú, chomh maith le maoluithe agus díolúintí ó na caighdeáin sin chun iad a chur in oiriúint do dhálaí síorathraitheacha an mhargaidh, do na hathruithe ar éilimh na dtomhaltóirí, d'fhorbairtí i gcaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus ionas nach gcruthófar constaicí do nuáil táirgí.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit laistigh den Ghrúpa Saineolaithe um Margaí Talmhaíochta, an fo-ghrúpa Táirgí de Bhunadh Ainmhíoch, le linn chruinniú an 25 Lúnasa 2022, an 22 Meán Fómhair 2022 agus an 20 Deireadh Fómhair 2022.

Tharchuir an Coimisiún an dréachtghníomh tarmligthe chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus cruinnithe an Ghrúpa Saineolaithe á gcomóradh.

Cuireadh an dréachtrialachán tarmligthe in airde ar thairseach an Choimisiúin Eorpaigh 'Cloisimis uait' ón 21 Aibreán go dtí an 19 Bealtaine 2023 chun tuairimí na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara a bhailiú. Fuarthas 34 mhír aiseolais ina thaobh, ar tháinig 38 % díobh ó chomhlachais ghnó, 26 % ó shaoránaigh den Aontas Eorpach, 21 % ó chuideachtaí, 12 % ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus 3 % ó pháirtithe leasmhara eile. Léiríodh tacaíocht don togra i bhformhór na n-aighneachtaí, léiríodh údair cúpla ceann acu gur fearr leo an Rialachán atá ann faoi láthair mar atá sé. I roinnt aighneachtaí, cáineadh an maolú maidir le huibheacha a mharcáil in ionaid pacála uibheacha. Coinníodh an maolú, áfach, toisc go bhfuil an córas lena marcáiltear uibheacha in ionaid pacála uibheacha seanbhunaithe agus déantar é a rialú i roinnt Ballstát.

Tugadh fógra faoi sin do chomhpháirtithe EDT.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe seo, leasaítear Iarscríbhinn VII, Cuid VI, chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le marcáil bhréagach agus chun feabhas a chur ar inrianaitheacht. Ní cheadófar uibheacha a mharcáil ach amháin ag an láithreán táirgthe. Ní fhéadfaidh ach na Ballstáit díolúintí ón riail sin a chinneadh. I gcásanna den sórt sin, féadfar an mharcáil a dhéanamh ag an gcéad ionad pacála uibheacha.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.8.2023**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh uibheacha**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 78(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol][2], d'fhógair sé, i measc nithe eile, go n-athbhreithneoidh sé caighdeáin mhargaíochta chun foráil a dhéanamh maidir le glacadh agus soláthar táirgí talmhaíochta inbhuanaithe agus chun ról na gcritéar inbhuanaitheachta a threisiú agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na caighdeáin sin ar chaillteanas agus cur amú bia á chur san áireamh.

(2) I gCuid VI d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leagtar amach sainmhínithe, sonrúcháin agus tuairisc díolacháin le haghaidh uibheacha cearca den speiceas *Gallus gallus*.

(3) Ceadaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 uibheacha a mharcáil ar an láthair táirgthe nó ag an gcéad ionad pacála uibheacha ar a seachadtar uibheacha. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an riosca ann go ndéanfaí marcáil bhréagach orthu, bíodh sin beartaithe nó neamhbheartaithe, ós rud é go dtarlaíonn sé go ndéantar uibheacha ó fheirmeacha agus ó chórais táirgthe éagsúla a mheascadh le chéile agus a lipéadú go mícheart. Ina theannta sin, i gcás teagmhais sábháilteachta bia, d'fhéadfadh fadhbanna inrianaitheachta a bheith ina dtoradh air sin. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar éileamh na dtomhaltóirí, ba cheart rialacha inrianaitheachta a neartú. Chuir dul chun cinn teicniúil réimse leathan teicneolaíochta marcála ar fáil ar leibhéal na feirme.

(4) Dá bhrí sin, níor cheart uibheacha a mharcáil ach amháin ag an láithreán táirgthe. Mar sin féin, ba cheart a chur san áireamh go bhfuil córais mharcála éifeachtúla forbartha cheana féin ag roinnt Ballstát ar leibhéal na n-ionad pacála uibheacha. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit uibheacha a dhíolmhú ón marcáil ag an láithreán táirgthe i gcás ina ndéantar í ag an gcéad ionad pacála uibheacha ar a seachadtar uibheacha, fad agus atá an díolúine sin comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach agus nach mbaineann sí an bonn den chuspóir mar atá inrianaitheacht na n-uibheacha.

---

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

[2] COM/2020/381 final.

(5) Chun am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit an reachtaíocht náisiúnta a choigeartú, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí 12 mhí tar éis a fhoilsithe.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Pointe III de Chuid VI d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe 2:

'2. Déanfar uibheacha a mharcáil i gcomhréir le pointe 1 ar an láthair táirgthe.';

(2) cuirtear an pointe seo a leanas, pointe 2a, isteach:

'2a. Féadfaidh na Ballstáit, ar bhonn critéir oibiachtúla, uibheacha a dhíolmhú ón gceanglas a leagtar síos i bpointe 2 i gcás ina ndéanfar an mharcáil sa chéad ionad pacála uibheacha ar a seachadtar uibheacha.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón [*12 mhí tar éis a fhoilsithe*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.8.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*